- (h) Spreagfar oibrithe san OOP inní réasúnta a léiriú maidir le héagóracha a d’fhéadfadh a bheith ag tarlú san áit oibre ionas go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an inní sin.
 - (i) Níor chóir go mbeadh ar oibrithe na cosaintí faoin Acht a lorg mar go ndéileálfar le gach nochtadh éagóracha san áit oibre, sa ghnáthchúrsa, go dáiríre agus déanfar iad a imscrúdú go cuí.
 - (j) Déanfar timpeallacht oibre a chothú ina ndíreofar ar freagairt don *teachtaireacht* agus ní ar an *teachtaire*.
 - (k) Tá tacaíocht ar fáil tríd an gClár Cúnaimh d’Fhostaithe d’oibrithe a dhéanann nochtuithe maidir le héagóracha a d’fhéadfadh a bheith ann.
 - (l) Cinnteoidh an OOP go ndéanfar tuairiscí maidir le héagóracha a mheasúnú agus a imscrúdú go hinniúil agus go tráthúil agus go leanfaidh an freagra cuí nuair is gá sin. Cuirfear in iúl don nochtóir conas mar a tugadh aghaidh ar an tsaincheist, lena n-áirítear toradh aon imscrúdaithe.

(m) Ní bheidh oibríthe a dhéanann nochtuithe cosanta faoi mhíbhuntáiste ar aon slí as nochtadh a dhéanamh, fiú mura ndéantar éagóir a shainnint, ar an gcoinníoll gur léiríodh imní bunaithe ar ábhar réasúnta. Beidh bearta díoltais in aghaidh duine a dhéanann nochtadh faoin mBeartas seo faoi réir ag gníomh smachta.

(n) Glacfaidh an OOP gach céim réasúnach chun déileáil le nochtuithe a dhéantar faoin mBeartas seo ar shlí rúnda agus íogair. Ní thabharfaidh an OOP aitheantas an nóchtóra le fios gan a dtoilliú, mura n-éilítear sin faoin dlí nó más gá ar mhaithe leis an éagóir ábhartha a imscrúdú go héifeachtach.

2. CAD IS NOCHTADH COSANTA ANN?

2.1 Sainmhínítear '**nochtadh cosanta**' san Acht mar nochtadh faisnéise a chreideann oibrí go réasúnach go léiríonn sé *éagóir ábhartha* amháin nó níos mó. Ní mór go dtiocfadh an fhaisnéis ar aird an oibrí i gceangal lena chuid nó lena cuid fostaíochta. Mar shampla, ní bheidh nochtadh faoi chosaint má bhaineann sé le cúrsaí i saol pearsanta duine lasmuigh den áit oibre agus gan cheangal leis an áit oibre. Ní mór nochtadh a dhéanamh mar atá forordaithe san Acht (agus mar a leagtar amach i gCuid 4 den Bheartas seo). Tá an chúis le nochtadh a bheith á dhéanamh ag oibrí neamhábhartha.

2.2 Nuair a dhéantar nochtadh maidir le héagóir, ní féidir fios a bheith ann an ndéanfar éileamh ar chosaint nó an seasfar le héileamh den sórt sin. Ar an dóigh chéanna, b'fhéidir nach léireodh oibrí go bhfeiceann sé nó sí go bhfuil a nochtadh cosanta. Mar thoradh air sin, toimhdeofar go mbeidh gach nochtadh ina nochtadh cosanta faoin Acht, mura gcruthófar a mhalairt.

2.3 Is '**nochtóir**' é an t-oibrí a dhéanann nochtadh. Is '**faighteoir**' é an duine a fhaigheann nochtadh (go díreach nó trí tharchur).

2.4 Is ionann '**éagóracha ábhartha**' mar a shainítear iad san Acht. Is éagóracha ábhartha iad na hocht n-ábhar seo a leanas:

- (i) Cion coiriúil a dhéanamh
- (j) Gan cloí le haon cheanglas dlíthiúil, seachas iad sin a thagann chun cinn faoi chonarthaí fostaíochta nó le haghaidh seirbhísí
- (k) Iomrall ceartais
- (l) Contúirt maidir le sláinte nó sábháilteacht duine ar bith
- (m) Damáiste don chomhshaol
- (n) Úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhícheart eile a bhaint as cistí nó acmhainní OOP, nó airgead poiblí eile
- (o) Gníomh nó neamhghníomh ag an OOP nó thar ceann an OOP atá leatromach, idirdhealaitheach nó mór-fhaillíoch nó arb ionann é agus mór-míbhainistíocht
- (p) Ceilt nó scriosadh faisnéise maidir le haon cheann de (a) go (g) thuas.

D'fhéadfadh gur tharla siad sin roimhe seo, go bhfuil siad fós ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh siad amach anseo. Tá suíomh éagóra ábhartha neamhthábhachtach agus is féidir leis a bheith áit ar bith ar domhan. Is cuma ach oiread má tá nó nach bhfuil feidhm le dlí na hÉireann.

2.5 Sa chás gurb é feidhm an oibrí é, nó feidhm fhóistóir an oibrí é, ábhar a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nach mbaineann gníomh nó neamhghníomh an fhostóra leis, ansin **ní** éagóir ábhartha atá ann agus **níl** an nochtadh cosanta.

2.6 Níl nochtadh ina n-éilítear pribhléid ghairmiúil dhlíodóra, cosanta má dhéanann duine é a fuair é agus an duine sin i mbun comhairle dlí a thabhairt.

3. CÉ LEIS A MBAINNEANN AN BEARTAS SEO?

Baineann an beartas seo le hoibrithe san OOP arna sainiú mar seo a leanas:

- g) fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha uile de chuid an OOP;
- h) iar-fhostaithe de chuid an OOP (sa chás nach gcáilíonn siad do chosaint fhostóra eile);
- i) céimithe agus printísigh ar shocrúchán leis an OOP;
- j) conraitheoirí, comhairleoirí, daoine féinfhostaithe ag gníomhú thar ceann an OOP;
- k) oibrithe cuideachtaí a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil don OOP;
- l) oibrithe deonacha a bhíonn ag obair leis an OOP.

Beidh feidhm leis na cosaintí faoin Acht a mbíonn feidhm leo ag fostaithe de bhua a bhfostaíochta ag oibrithe agus iad sin amháin ag (a) go (e) thuas. Ní bheidh na cosaintí faoin Acht ag oibrithe deonacha a mbíonn feidhm leo ag fostaithe de bhua a bhfostaíochta agus iad sin amháin.

4. AN TSLÍ LE NOCHTADH A DHÉANAMH

4.1 Ba chóir d'oibrí nochtadh a dhéanamh má tá barúil réasúnach acu gur tharla éagóir ábhartha, go bhfuil éagóir ábhartha ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh éagóir ábhartha nó gur sáraíodh treoir OOP nó státseirbhíse is go bhféadfaí díobháil a dhéanamh do dhaoine eile nó don OOP.

4.2 Foráiltear sa reachtaíocht do cúig bhealach le nochtadh a dhéanamh:

- (f) Nochtadh inmheánach le Stiúirthóir na Seirbhísí Corparáideacha nó leis an gCathaoirleach. Féach alt 4.5 le haghaidh treoracha maidir le nochtadh inmheánach a dhéanamh.
- (g) Nochtadh seachtrach le duine forordaithe (arna liostú i Sceideal 3 den Acht) agus IR Uimh. 339 de 2014 Ordú 2014 an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 (Alt 7(2)). Féach alt 4.6 le haghaidh treoracha maidir le nochtadh seachtrach a dhéanamh le duine forordaithe.
- (h) Nochtadh seachtrach leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Féach alt 4.7 le haghaidh treoracha maidir le nochtadh seachtrach a dhéanamh leis an Aire.
- (i) Nochtadh seachtrach le comhairleoir dlí, lena n-áirítear abhcóide, aturnae nó oifigeach ceardchumainn. Féach alt 4.8 le haghaidh treoracha.
- (j) Nochtadh seachtrach i gcásanna eile. Féach alt 4.9 le haghaidh treoracha.

4.3 Cé gur féidir nochtadh (i scríbhinn is dócha) a dhéanamh gan ainm, ba chóir a thabhairt ar aird, go bhfuil srian mór ar a mhéad is a fhéadfar an éagóir nochtaithe a imscrúdú i gcásanna mar sin, mar nach bhféadfar leanúint suas leis an nochtóir má bhíonn tuilleadh faisnéise nó soiléirithe ag teastáil nó le comhairle a chur ar an nochtóir maidir leis an tslí a ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist, lena n-áirítear toradh aon imscrúdaithe. Ní féidir le hoibrí cúiteamh a fháil faoi Acht 2014 mura gcéannódh sé/sí é/í féin.

4.4 Níor chóir d'oibrí a bhfuil sé de rún acu nochtadh a dhéanamh dul i mbun imscrúdaithe lasmuigh de ghnáthraon a ndualgas d'fhonn aon éagóir mheabhairbhraite a dheimhniú.

4.5 An tSlí le Nochtadh Inmheánach a Dhéanamh

4.5.1 Tá sonraí teagmhála faighteoirí Nochtuithe Cosanta go himmheánach san OOP in Aguisín 1.

- 4.5.2 Ba chóir d'oibrí ar mian leis nó léi nochtadh i scríbhinn a dhéanamh foirm OPWPD01 a úsáid. Ba chóir don oibrí a chóip nó a cóip féin den fhoirm nochtadh agus aon fhaisnéis a ghabhann leis an bhfoirm a choinneáil.
- 4.5.3 Féadfaidh oibrí a bhfuil ábhar imní aige nó aici nochtadh inmheánach a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn más féidir, go díreach le Stiúrthóirí na Seirbhísí Corparáideacha. Sa chás go ndéantar nochtadh ó bhéal, tá sé ríthábhachtach go ndéanann an faighteoir é a dhoiciméadú go hiomlán ag úsáid foirm OPWPD01.
- 4.5.4 Má chreideann oibrí go réasúnach go bhfuil cúinsí á chosc nó á cosc óna gcuid imní a thuairisciú le Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, ba chóir don oibrí ansin an nochtadh a dhéanamh leis an gCathaoirleach. Agus an t-oibrí á dhéanamh sin, ba chóir dó nó di na cúinsí a leagan amach a bhfuil an nochtadh á chosc óna dhéanamh le Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ar an gcéad dul síos.
- 4.5.5 Sa chás go gcreideann oibrí go réasúnach go mbaineann an éagóir atá á tuairisciú acu go príomha le ceachtar díobh seo a leanas:
- iompar duine seachas a bhfostóra nó
 - rud éigin a bhfuil duine eile seachas a bhfostóra freagrach go dlíthiúil as
- ba chóir nochtadh a dhéanamh ansin leis an duine eile sin agus breithnítear leis an Acht gur nochtadh inmheánach leis an OOP é.
- 4.5.6 Féadfaidh an OOP tríú páirtithe sainiúla a cheapadh (ní fostaithe ag an OOP) le gníomhú mar fhaighteoirí nochtuithe cosanta. Sa chás go ndéanann oibrí nochtadh le faighteoir ar tríú páirtí den sórt sin iad, féachfar air sin mar nochtadh inmheánach á dhéanamh ag an oibrí laistigh den OOP.

4.6 An tSlí le Nochtadh Seachtrach a Dhéanamh le Duine Forordaithe

- 4.6.1 Spreagtar oibríthe a n-ímní a léiriú faoin nós imeachta do nochtadh inmheánach arna leagan amach in alt 4.5 ar an gcéad dul síos. Ach, aithnítear nach bhfuil sé sin cuí i gcónaí, dá bhrí sin féadfaidh oibrí nochtadh seachtrach a dhéanamh le duine forordaithe i gcúinsí ina gcreideann sé nó sí go réasúnach:
- (i) Go bhfuil an fhaisnéis atá á nochtadh, agus aon **líomhaintí ann, fíor go substaintiúil**, agus
 - (ii) Go dtagann an éagóir ábhartha laistigh de réimse freagrachta an duine forordaithe.
- 4.6.2 Is féidir teacht ar liosta iomlán na *ndaoine forordaithe* i Sceideal 3 den Acht agus IR Uimh. 339 de 2014 Ordú 2014 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (Alt 7(2)) ar fáil ag <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/339/made/en/print>.
- 4.6.3 Ba chóir d'oibrí an nochtadh a dhéanamh leis an duine forordaithe ag teacht le cibé beartas a chuirtear i bhfeidhm laistigh d'eagraíocht an dhuine forordaithe.

4.7 An tSlí le Nochtadh Seachtrach a Dhéanamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

- 4.7.1 Spreagtar oibríthe a n-ímní a léiriú faoin nós imeachta do nochtadh inmheánach arna leagan amach in alt 4.5 ar an gcéad dul síos. Ach, aithnítear nach bhfuil sé sin cuí i gcónaí, dá bhrí sin is fostaí OOP nó iar-fhostaí OOP agus **sin amháin** ar féidir leis nó léi nochtadh seachtrach a dhéanamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (agus ní le haon Aire ná Aire Stáit eile), ós rud é gurb eisean/ise an tAire Rialtais atá freagrach as an OOP.
- 4.7.2 Agus nochtadh á dhéanamh ag oibrí leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ba chóir dó nó di é sin a dhéanamh i scríbhinn, ag teacht le Beartas Nochtuithe Cosanta na

Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba chóir don oibrí a chóip nó a cóip féin den nochtadh agus aon fhaisnéis a ghabhann leis a choinneáil.

4.8 An tSlí le Nochtadh Seachtrach a Dhéanamh le Comhairleoir Dlí

- 4.8.1 Spreagtar oibrithe a n-ímní a léiriú faoin nós imeachta do nochtadh inmheánach arna leagan amach in alt 4.5 ar an gcéad dul síos. Ach, aithnítear nach bhfuil sé sin cuí i gcónaí, dá bhrí sin féadfaidh oibrí nochtadh seachtrach a dhéanamh le linn dó nó di comhairle dlí a fháil (lena n-áirítear comhairle maidir le feidhmiú an Achta) ó abhcóide, aturnaí, ó oifigeach ceardchumainn nó oifigeach de chomhlacht inghlactha.
- 4.8.2 Tá cosc ar dhlíodóirí cosaint a fháil as fhaisnéis ó chliant a bhíonn ag fáil comhairle dlí a nochtadh. Ní fhéadfar glacadh leis go bhfuil oifigigh ceardchumainn cosanta má nochtann siad faisnéis a fhaigheann siad óna mball agus iadsan ag fáil comhairle.

4.9 An tSlí le Nochtadh Seachtrach a Dhéanamh i gCásanna Eile

- 4.9.1 Ní mór do nochtuithe seachtracha i gcásanna eile, mar shampla leis na meáin, caighdeán níos airde a bhaint amach ionas go gcosnófar iad. Is é sin an nochtadh is deacra ag oibrí le déanamh, mar **nach gcosnófar** an nochtadh mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas **uile** (a) go (d) arna leagan amach thíos:
- (a) Ní mór go gcreidfeadh an t-oibrí go réasúnach go bhfuil an fhaisnéis atá á nochtadh, agus aon **líomhaintí ann, fíor go substaintiúil**
 - (b) **Ní fhéadfar** an nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le tairbhe phearsanta, airgid nó eile, seachas luaíochtaí reachtúla
 - (c) Go gcinntear, agus cúinsí uile an cháis ar eolas, go raibh sé réasúnach ag an oibrí an nochtadh a dhéanamh, bunaithe ar na nithe seo a leanas:
 - i) Céannacht an fhaighteora;
 - ii) Tromchúiseacht na héagóra ábhartha líomhnaithe;
 - iii) Cibé an bhfuil an éagóir ábhartha líomhnaithe fós ar siúl nó gur dócha go dtarlóidh sé amach anseo;
 - iv) Sa chás go bhfuil nochtadh déanta ag oibre roimhe seo den fhaisnéis chéanna go substaintiúil go hinmheánach nó go seachtrach le duine forordaithe nó leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ((d) iii) tagraíonn), aon ghníomh a ndeachaigh faighteoir nochtadh roimhe seo ina bhun, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnach go ndeachaigh ina bhun, mar thoradh ar an nochtadh roimhe sin; agus
 - v) Cibé, agus nochtadh inmheánach á dhéanamh den fhaisnéis chéanna go substaintiúil leis an OOP, le tríú páirtí nó duine freagrach eile údraithe, ar chomhlíon an t-oibrí an Beartas seo.
 - (d) go gcomhlíontar **ceann amháin ar a laghad** de na coinníollacha seo a leanas (i) go (iv), ionas:
 - i) Go gcreideann an t-oibrí go réasúnach ag an tráth a dhéanann sé nó sí an nochtadh go ngearrfaidh an fostóir pionós air nó uirthi má dhéanann sé nó sí nochtadh inmheánach nó nochtadh seachtrach le duine forordaithe nó leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
 - ii) I gcás nach bhfuil aon duine forordaithe ábhartha ann a bhféadfar nochtadh seachtrach a dhéanamh leis nó léi, go gcreideann an t-oibrí go réasúnach gur dócha

go ndéanfar fianaise a bhaineann leis an éagóir ábhartha a cheilt nó a scriosadh má dhéanann sé nó sí nochtadh inmheánach

- iii) Go ndearna an t-oibrí nochtadh roimhe seo den fhaisnéis chéanna go substaintiúil go himmheánach nó go seachtrach le duine forordaithe nó leis an Aire Caiteachais Phoiblí; agus
- iv) Gur de mhianach fíor-thromchúiseach amach is amach é an éagóir ábhartha.

4.9.2 Sa chás go ndéantar nochtadh seachtrach i gcásanna eile, ba chóir d'oibrí é sin a dhéanamh i scríbhinn agus a gcóip féin den nochtadh agus aon fhaisnéis a ghabhann leis a choinneáil.

5. CAD IAD NA COSAINTÍ ATÁ AR FÁIL DO NOCHTÓIRÍ?

5.1 Leagtar amach seacht gcinn de phríomhchosaintí do nochtóirí san Acht. Baineann na chéad trí cinn le fostaithe agus cosnaíonn siad in aghaidh dífhostú éagórach agus cineálacha eile pionóis a bhaineann le fostaithe agus iad sin amháin. Tá na ceithre cinn eile de chosaintí ar fáil d'oibríthe, agus tá an ceart nua agartha ar fáil freisin do thríú páirtithe.

5.2 Cosaint in aghaidh Dífhostú Éagórach

Is dífhostú éagórach atá i gceist le fostaí a dhífhostú as nochtadh cosanta a dhéanamh. Tá printísigh, daoine faoi oiliúint agus fostaithe cosanta ó thús a bhfostaíochta agus ní gá dóibh an bhliain amháin seirbhíse ar a laghad a éilítear de ghnáth a bheith curtha isteach acu. Tá fostaithe atá níos sine ná an ghnáthaois scoir cosanta chomh maith, cé go mbíonn siad eisiata de ghnáth ó chosaint ó dhífhostú éagórach. Tá fostaithe a dhéantar a dhífhostú go héagórach as nochtadh cosanta a dhéanamh i dteideal athréimnithe ina bpost, athfhostú nó cúiteamh suas le cúig bliana ollphá (is suas le dhá bhliain ollphá a bhíonn i gceist le cúiteamh i gcásanna eile de dhífhostú éagórach.) Féadfar cúiteamh a laghdú de réir suas le 25% sa chás nárbh éagóir ábhartha ba chúis leis an bhfostaí nochtadh a dhéanamh.

5.3 Cosaint ar Fhaoiseamh Eatramhach go dtí go go gCinnfear Éileamh maidir le Dífhostú Éagórach

Féadfaidh fostaí, duine faoi oiliúint nó printíseach a dhéanann éileamh go ndearnadh é nó í a dhífhostú go héagórach as nochtadh cosanta a dhéanamh iarratas a dhéanamh chuig an gCuairt Chuarda ar fhaoiseamh eatramhach go dtí go gcinnefar nó go réiteofar an t-éileamh maidir le dífhostú éagórach. **Ní mór** é sin a dhéanamh laistigh de **21 lá** i ndiaidh dáta an dífhostaithe. Ba chóir réamhfhógra i scríbhinn a thabhairt don Oifig maidir leis an rún iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh eatramhach. Cinnfidh an Chúirt an t-iarratas chomh luath agus is féidir agus ní mór don Chúirt a bheith sásta gur de thoradh, go hiomlán nó go príomha, nochtadh cosanta a dhéanamh a tharla an dífhostú.

5.4 Cosaint in aghaidh Pionóis

Ní fhéadfaidh an Oifig pionós a ghearradh nó a bhagairt ar fhostaí as nochtadh cosanta a dhéanamh, ná ligean d'aon duine eile é sin a dhéanamh. Is ionann pionós a ghearradh agus aon ghníomh nó neamhghníomh a mbíonn tionchar díobhálach aige ar oibrí agus áirítear ach go háirithe fionraíocht, cailliúint poist nó dífhostú, íslíú céime, deis a chailliúint le haghaidh ardú céime, dualgais a aistriú, suíomh na háite oibre a athrú, pá a laghdú, uaireanta oibre a athrú, aon ghníomh smachta, iomardaithe nó aon pionós eile a ghearradh nó a riaradh (lena n-áirítear pionós airgeadais), caitheamh go héagórach, comhéigean, imeaglú nó cluicheadh, idirdhealú, míbhuntáiste, díobháil, damáiste, cailliúint nó bagairt go ndéanfaí beart díoltais.

Níl sé inghlactha go ngearrafaí pionós ar oibríthe a dhéanann nochtuithe agus ba chóir d'oibríthe a mhothaíonn go bhfuiltear ag caitheamh go dona leo an t-ábhar imní sin a thuairisciú láithreach. Déanfar aon nithe mar sin a thabharfar ar aird a mheasúnú/a imscrúdú agus tabharfar faoin ngníomh cuí nuair is cuí.

Má dhéantar gearán maidir le pionós a sháraíonn Acht 2014, ansin déileálfar leis an ngearán sin, le haird ar an dualgas leanúnach go ndéanfaí céannacht an nochtóra a chosaint faoin Acht. Ní fhéadfar an chosaint sin a úsáid leis na cosaintí maidir le dífhostú éagórach a leagtar amach thuas. Go ginearálta, i gcás go ndéantar nochtadh cosanta le linn imscrúdaithe, próisis smachta nó eile, níor chóir go mbeadh aon tionchar aige sin ar na próisis ar leith sin, ach amháin nuair a léiríonn an t-imscrúdú sin, an próiseas smachta sin nó aon ghníomh eile, go bunúsach, cineál pionóis mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

5.5 Cosaint maidir le Ceart Agartha

Má bhíonn duine ina chúis le cailteanas, damáiste, míbhuntáiste nó díobháil d'oibrí nó do thríú páirtí mar gheall go ndearna sé nó sí nochtadh cosanta, féadfaidh an t-íospartach an duine is cúis leis a agairt. Ní fhéadfaidh íospartach duine a agairt maidir le hábhar ar leith, agus éileamh a dhéanamh freisin maidir le dífhostú éagórach ná gearán a dhéanamh in aghaidh pionóis mar a leagtar amach thuas in aghaidh an duine céanna maidir leis an ábhar céanna.

5.6 Cosaint ó Agairt

Ní fhéadfar oibríthe a dhéanann nochtadh cosanta a agairt agus beidh pribhléid shrianta acu faoi na hAchtanna um Chlúmhilleadh. Is ionann clúmhilleadh agus ábhar ar dócha go ndéanfadh sé díobháil do chluí duine i súile daoine réasúnta sa tsochaí a lua, bíodh sin ó bhéal (béadchaint), nó i scríbhinn / á chraoladh (leabhal). Cailtear pribhléid shrianta má chruthaítear gur ghníomhaigh an t-oibrí le mailís.

5.7 Cosaint ó Ionchúiseamh

Ní fhéadfar oibrí a ionchúiseamh as faisnéis a nochtadh sa chás go bhfuil sé sin srianta nó coiscthe, más rud é gur nochtadh cosanta, nó gur chreid an duine go réasúnach gur nochtadh cosanta a bhí ann.

5.8 Cosaint maidir le Céannacht Nochtóra

Ní mór d'fhaighteoir a ndéantar nochtadh cosanta leis nó a dtarchuirtear nochtadh cosanta chuige gach céim réasúnach a ghlacadh le nochtadh faisnéise a sheachaint lena bhféadfaí an duine a rinne an nochtadh cosanta a aithint. Rachfar i gcomhairle leis an nochtóir agus, nuair is féidir, gheofar toiliú feasach uathu, sula ndéanfar aon ghníomh a bhféadfaí iad a aithint mar thoradh air. Ach, ní dearbhchosaint atá anseo agus d'fhéadfaí céannacht an nochtóra a nochtadh:

- i) sa chás go dtaispeánann an faighteoir gur ghlac sé nó sí gach céim réasúnach le nochtadh faisnéise den sórt sin a sheachaint.
- ii) sa chás go gcreideann an faighteoir go réasúnach nach gcuireann an duine a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige nó aici ina choinne sin.
- iii) sa chás go gcreideann an faighteoir go réasúnach go bhfuil sé riachtanach faisnéis den sórt sin a nochtadh:
 - (a) ar mhaithe le himscrúdú éifeachtach na héagóra lena mbaineann
 - (b) ar mhaithe le baol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht phoiblí nó don chomhshaol a chosc, nó
 - (c) ar mhaithe le coiriúlacht a chosc, nó
 - (d) ar mhaithe le cion coiriúil a ionchúiseamh.

nó

- iv) sa chás go bhfuil gá eile lena nochtadh ar mhaithe le leas an phobail nó go n-éilítear sin faoin dlí.

Ba chóir d'oibríthe a bhfuil inní orthu nach bhfuil a gcéannacht á cosaint an duine atá i mbun imscrúdaithe ar an nochtadh a chur ar an eolas. Déanfar aon nithe mar sin a thabharfar ar aird a mheasúnú/a imscrúdú de réir na nósanna imeachta athbhreithnithe agus tabharfar faoin ngníomh cuí nuair is cuí.

Má theipeann ar fhaighteoir cloí leis na ceanglais rúndachta sin, féadfaidh an nochtóir an faighteoir a agairt go pearsanta má fhulaingíonn sé nó sí aon drochiamhairtí.

6. NOCHTADH INMHEÁNACH A FHÁIL AGUS A MHEASÚNÚ

- 6.1 Ní mór caitheamh go dáiríre agus go rúnda le gach nochtadh tuairiscithe maidir le héagóir mheabhairbhraite san áit oibre.
- 6.2 Cuir an nochtóir ar an eolas maidir leis an mBeartas lena chinntiú go bhfuil fios acu ar an nós imeachta maidir le nochtadh inmheánach.
- 6.3 Cé gur féidir nochtadh a dhéanamh ó bhéal, spreag an nochtóir leis an nochtadh a dhéanamh i scríbhinn, ag úsáid na foirme OPWPD01. Mura bhfuil an nochtóir sásta nó mura bhfuil siad ábalta é sin a dhéanamh, nó má tá nochtadh á dhéanamh acu ar an bhfón, déan taifead den nochtadh ar an bhfoirm OPWPD01. Tá sé tábhachtach gach céim den phróiseas a dhoiciméadú.
- 6.4 Ós rud é nach féidir go mbeadh a fhios ag an am cibé an measfar nochtadh a bheith cosanta faoin Acht ina dhiaidh sin agus go dtoimhdítear go bhfuil gach nochtadh cosanta, nó go gcruthaítear a mhalairt, ba chóir don fhaighteoir taifead iomlán i scríbhinn dá ngníomhartha a choinneáil, lena n-áirítear amlínte.
- 6.5 Faigh amach más mian leis an nochtóir a chéannacht nó a céannacht a chosaint agus déan cinnte go léirítear é sin ar an bhfoirm OPWPD01.
- 6.6 Glac gach céim réasúnach le céannacht an nochtóra a chosaint, mura bhfuil barúil réasúnach ann go bhfuil gá lena nochtadh leis an éagóir nochtá a imscrúdú go héifeachtach; le coiriúlacht nó baol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht phoiblí nó don chomhshaol a chosc; le cion coiriúil a ionchúiseamh; ar mhaithe le leas an phobail nó má éilítear sin faoin dlí. Féadfaidh an nochtóir an faighteoir a agairt go pearsanta as aon chailteanas a eascraíonn as céannacht an nochtóra a nochtadh lasmuigh de na cúinsí sin.
- 6.7 Cuir an nochtóir ar an eolas roimh ré má bhíonn gá le céannacht an nochtóra a nochtadh ar aon chúis díobh sin. Féadfaidh an nochtóir athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh agus ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú nuair is indéanta sula ndéanfar nochtadh faisnéise den sórt sin.
- 6.8 Déan cinnte go bhfuil an éagóir atá á líomhnú ábhartha, i.e. go gcomhlíonann sé critéir arna leagan amach in alt 2.4. Mura bhfuil sé, ní chosnófar an nochtadh. Sa chás sin, más mian leis an nochtóir leanúint ar aghaidh leis an nochtadh, tabhair é sin ar a n-aird.
- 6.9 Faigh amach ar tharla an éagóir san am a caitheadh nó an bhfuil sé fós ag tarlú nó an dócha go dtarlóidh sé amach anseo.
- 6.10 Soiléirigh bunús na himní leis an nochtóir, go háirithe aon rud atá doiléir nó nach bhfuil soiléir láithreach.
- 6.11 Más gearán nó casaoid phearsanta atá sa nochtadh i ndáiríre, cuir an nós imeachta cuí in iúl don nochtóir (féach 1.4) agus ná téigh níos faide leis an ábhar mar nochtadh cosanta. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh casaoid phearsanta a bheith fite fuaite go mór leis an imní atá léirithe nó d'fhéadfadh gurb é atá mar phríomhchúis ag an nochtóir le nochtadh a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil cúis oibrí leis an ábhar a nochtadh neamhábhhartha, lean leis sin mar nochtadh cosanta.
- 6.12 Déan cibé an bhfuil an nochtadh bunaithe ar bharúil réasúnach an nochtóra nó an tuairisc bhréagach d'aon turas atá ann a mheasúnú. Más rud é go bhfuil an nochtadh bréagach d'aon turas, cuir sin in iúl do Sheirbhísí Pearsanra agus Forbartha, a chinnfidh an gníomh smachta a rachfar ina bhun.
- 6.13 D'fhéadfadh nach mbeadh gá le himscrúdú iomlán le haghaidh gach nochtadh. Samplaí is ea cás nach mbeadh na fíricí ábhartha uile ag an nochtóir nó dá mbeadh míthuiscint i gceist. Tá sé

tábhachtach a chinntiú go bhfuil measúnú an cháis sách dian le bunús aon chinnidh a mhíniú don nochtóir.

- 6.14** Ar an dóigh chéanna, sa chás nach bhfuil fianaise láidir ag an nochtóir maidir le héagóir ach go bhfuil barúil réasúnach acu ina leith, ba chóir go leanfaí leis an nochtadh a imscrúdú, rud a d'fhéadfadh fianaise maidir le héagóir a aimsiú.

7. IMSCRÚDÚ MAIDIR LE NOCHTADH INMHEÁNACH AGUS TORADH

- 7.1** Sa chás go gcinneann faighteoir go bhfuil gá le himscrúdú, ba chóir é sin a thionscnamh láithreach. Féadfaidh an faighteoir cinneadh nochtadh a tharchur d'imscrúdú chuig sainaonad nó aonaid eile laistigh den OOP, mar shampla:

- An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- An tAonad Comhionannais
- An tAonad Beartais
- an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta
- Seirbhísí Pearsanra agus Forbartha

Féadfaidh an faighteoir an t-imscrúdú a tharchur freisin chuig sainimscrúdaitheoir áit oibre nó chuig gníomhaireacht sheachtrach ábhartha, i gcásanna áirithe d'fhéadfaí go gcaithfí an t-ábhar a thuirisciú chuig An nGarda Síochána nó chuig aon chomhlacht eile a bhfuil an chumhacht agus an fheidhm reachtúil imscrúdaithe acu maidir le nithe áirithe agus go rachadh siad i mbun imscrúdaithe.

- 7.2** Ba chóir gach imscrúdú a dhéanamh ar shlí rúnda agus chóir agus de réir phrionsabail an cheartais aiceanta.

- 7.3** Glac gach céim réasúnach le céannacht na ndaoine sin a bhfuil líomhaintí á ndéanamh ina n-aghaidh agus le céannacht an nochtóra a chosaint, mura bhfuil barúil réasúnach ann go bhfuil gá le céannacht an nochtóra a nochtadh leis an éagóir nochtá a imscrúdú go héifeachtach; le coiriúlacht nó baol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht phoiblí nó don chomhshaol a chosc; le cion coiriúil a ionchúiseamh; ar mhaithe le leas an phobail nó má éilítear sin faoin dlí.

- 7.4** Cuir an nochtóir ar an eolas roimh ré má bhíonn gá le céannacht an nochtóra a nochtadh le linn an imscrúdaithe ar aon chúis díobh sin, ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Féadfaidh an nochtóir athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh agus ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú nuair is féidir sin a dhéanamh sula ndéanfar nochtadh faisnéise.

- 7.5** Ba chóir an nochtóir a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn, agus go háirithe maidir le toradh an imscrúdaithe. Uaireanta, d'fhéadfadh an gá le rúndacht cosc a chur ar mhionsonraí sainiúla maidir leis an imscrúdú agus/nó aon ghníomh smachta a dtéitear ina bhun a thabhairt do nochtóirí. Ba chóir go gcaithfeadh nochtóirí go rúnda le haon ábhar a thugtar dóibh maidir leis an imscrúdú.

- 7.6** Tá difríocht idir nochtadh rúnda, cás a bhfuil céannacht an nochtóra ar eolas ach nach nochtáitear é agus nochtadh gan ainm, cás nach bhfuil céannacht nochtóra ar eolas.

- 7.7** Sa chás go bhfaightear nochtadh gan ainm, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair an éagóir lena mbaineann sé a imscrúdú, mar nach bhféadfar tuilleadh faisnéise a fháil ón nochtóir maidir leis an éagóir líomhnaithe. Beidh sé dodhéanta freisin an nochtóir a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn nó toradh an imscrúdaithe.

- 7.8** Ba chóir gach iarracht réasúnach a dhéanamh, gan tionchar a imirt ar chaighdeán an imscrúdaithe, aon imscrúdú a eascraíonn ó nochtadh a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir.

8. ATHBHREITHNIÚ AR CINNTÍ

8.1 I gcás nach bhfuil an nochtóir sásta leis na nithe seo a leanas:

- a) an cinneadh a rinneadh céannacht an nochtóra a nochtadh
- b) toradh an imscrúdaithe a rinneadh i ndáil leis an nochtadh
- c) toradh an imscrúdaithe i ndáil le haon ghearán maidir le pionós

féadfaidh an nochtóir iarratas a dhéanamh leis an gCathaoirleach go ndéanfaí athbhreithniú, ach a thabhairt le fios go ndearna Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha (agus aon duine a mbíonn air nó uirthi tuairisciú chuige) é a imscrúdú cheana féin agus na cúiseanna a mhothaíonn sé/sí a thabhairt go bhfuil gá le tuilleadh airde sa chás. Rachaidh an Cathaoirleach i mbun measúnú neamhspleách ag leanúint na nósanna imeachta a léirítear in ailt 4, 6 agus 7 thuas. Beidh cinneadh an Chathaoirleach críochnaitheach.

8.2 I gcás nach bhfuil an nochtóir, sa chás go ndearnadh an nochtadh leis an gCathaoirleach ar an gcéad dul síos, féadfaidh an nochtóir iarraidh ar an gCathaoirleach tríú páirtí seachtrach é a athbhreithniú an cinneadh, agus na cúiseanna a léiriú a chreideann sé nó sí gur chóir é a airde tuilleadh. Rachaidh an tríú páirtí ceaptha i mbun measúnú neamhspleách ag leanúint na nósanna imeachta a léirítear in ailt 4, 6 agus 7 thuas. Beidh cinneadh an tríú páirtí ceaptha críochnaitheach.

9. TAIFID

9.1 Ní féidir fios a bheith ann ag an am a dhéantar nochtadh cibé an measfar nochtadh a bheith cosanta faoi Acht 2014 ina dhiaidh sin. Ba chóir taifid i scríbhinn, lena n-áirítear amlínte, i ndáil le haon mheasúnú agus/nó imscrúdú a dhéantar a choinneáil. D'fhéadfadh sé go gcaithfí leas a bhaint as na taifid seo i bpróiseas smachta ina dhiaidh sin sa chás go gcinntear in imscrúdú ach a mbeidh sé críochnaithe gur tharla éagóir éigin.

9.2 Coinneofar na taifid sin ar feadh cúig bliana ar a laghad i ndiaidh dhúnadh an cháis agus déanfar iad a stóráil i dtimpeallacht rúnda agus shlán.

9.3 Ag tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain foilseofar tuarascáil maidir le gach nochtadh cosanta sa bhliain díreach roimhe sin ar láithreán gréasáin an OOP agus cuirfear san áireamh é i dTuarascáil Bhliantúil an OOP. Níor chóir go n-aithneofaí aon pháirtí lena mbaineann sa tuarascáil sin, ach ba chóir go leagfaí na nithe seo a leanas amach ann:

- (a) líon na nochtuithe cosanta arna ndéanamh leis an OOP,
- (b) an gníomh (más ann) a ndeachthas ina bhun mar fhreagra do na nochtuithe cosanta sin, agus
- (c) aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a ndeachthas ina bhun a d'fhéadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

10. ATHBHREITHNIÚ BEARTAIS

Féadfar an Beartas seo a chúlghairm, a athsholáthar nó a leasú ag aon tráth. Déanfar é a athbhreithniú leis an treoir ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a ionchorprú, mar a leagtar amach in Alt 21 den Acht.

Aguisín 1: Sonraí Teagmhála Faighteoirí

Oifigeach Nochtuithe Cosanta/ Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	Mick Long Fón: 076 110 6130 Fón Póca: 087 618 2061 R-Phost: protecteddisclosures@opw.ie <u>úsáid an téacs “Nochtadh Cosanta” mar thagairt sa ríomhphost</u>
An Cathaoirleach	Maurice Buckley Fón: 01 647 6135 0761 106 135 Facs: 046 943 8530 R-Phost: maurice.buckley@opw.ie <u>úsáid an téacs “Nochtadh Cosanta” mar thagairt sa ríomhphost</u>